# National Development Finance Agency

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008



# CLÁR ÁBHAIR

**Baill an Bhoird** 3

**Forbhreathnú** 5

**Dul chun cinn ar thionsadail ina ngníomhaíonn an NDFA:**

Mar Udarás Ceannacháin & Comhairleoir Airgeadais 9

Mar Comhairleoir Airgeadais 15

**Bord an NDFA** 19

**Aguisín 1**

NDFA – Ról agus Feidhmeanna 21

**Aguisín 2**

Líosta na nUdarás Stáit 23

**Ráitais Airgeadais** 25

Gníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais

National Development Finance Agency

Mr. Brian Lenihan TD
Minister for Finance
Government Buildings
Upper Merrion Street
Dublin 2

29 June 2009

Dear Minister

I have the honour to submit to you the Report and Accounts of the National Development Finance Agency for the year from 1 January 2008 to 31 December 2008.

Yours sincerely

**Michael J Somers**
**Chairman**

Foirgneamh an Chisteáin, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire
Guthán 353 1 664 0800 Facs 353 1 676 6582
Ríomhphost info@ndfa.ie Suíomh Gréasáin www.ndfa.ie

Treasury Building Grand Canal Street, Dublin 2, Ireland
Telephone 353 1 664 0800 Facsimile 353 1 676 6582
Email info@ndfa.ie Web www.ndfa.ie


## BAILL AN BHOIRD



Michael J. Somers
(Cathaoirleach)



Adrian Kearns[1]
(Príomhfheidhmeannach)



Brian Murphy[2]
(Príomhfheidhmeannach)




Fred Barry




Liam Berney



Ann Fitzgerald



Stewart Harrington



Tony Jones



Peter McManamon

**Michael J. Somers (Cathaoirleach)**
*Príomhfheidhmeannach*
Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (NTMA)

**Adrian Kearns (Príomhfheidhmeannach)[1]**
*Siúrthóir Acmhainní Daonna (HR)*
Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (NTMA)

**Brian Murphy (Príomhfheidhmeannach) [2]**
*Stiúrthóir*
Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (NTMA)

**Fred Barry**
*Príomhfheidhmeannach*
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

**Liam Berney**
*Oifigeach Tionsclaíoch*
Comhdháil na gCeardchumann

**Ann Fitzgerald**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

**Stewart Harrington**
*Stiúrthóir*
Killeen Properties Limited

**Tony Jones**
Comhairleach Gnó

**Peter McManamon**
*Cathaoirleach*
Ceva Inc

Tháinig an Bord le chéile ceithre huaire le linn 2008.

1 Bhí Adrian Kearns ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin go dtí an 31 Nollaig 2008.
2 Cheap an tAire Airgeadais Brian Murphy ina bhall den Bhord ar an 12 Eanáir 2009.
Cheap an Bord ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 20 Eanáir 2009 é.



## FORBHREATHNÚ

**Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) d'Údaráis Stáit atá ag tabhairt faoi tionscadal bonneagair móra ó bunaíodh í i 2003. Go dtí seo, seoladh iomlán de 129 tionscadal i gcomhair comhairle airgeadais don NDFA. Tá an chomhairle comhlánaithe ar 41 tionscadal le luach caipitil comhcheangailte de thart ar €6 billiún, le 21 dóibh siúd ina Rannpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (PPPs). Tá NDFA ag obair faoi láthair ar thart ar 50 tionscadal gníomhacha i gcomhar leis na Ranna/Gníomhaireachtaí Urraithe.**

**I dteannta comhairle airgeadais a sholáthar do gach tionscadal a sheoltar ar aghaidh, gníomhaíonn an NDFA mar an údarás soláthair ainmnithe chomh maith do deich de na tionscadail seo a leanas. As na deich dtionscadal seo, cuireadh trí trasna go foirmiúil don NDFA do sholáthar - lenar bhain dhá bheart scoite scoileanna agus athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta.**

Le linn 2008 agus sa chéad leath de 2009, bhí roinnt forbairtí suntasacha san NDFA:

1 Bhain Chéad Chuach na Scoileanna a cuireadh faoi bhráid an NDFA lena sholáthar dúnadh airgeadais amach ar an 6 Márta 2009. Cuirfidh na scoileanna seo i gContae Laoise agus Contae Uíbh Fhailí 2,700 ionad daltaí ar fáil. Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an láithreán agus tá na ceithre scoil ar fad le bheith críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2010.

2 Fógraíodh Dara Cuach na Scoileanna ar an margadh i mí na Bealtaine 2008 agus cuireadh trí chuibhreannas ar an ngearrliosta i Meán Fómhair 2008. Is i mí Iúil 2009 a bheidh tairiscintí á nglacadh.

3 Tugadh an Ceoláras Náisiúnta ar láimh don NDFA lena sholáthar i mí na Bealtaine 2008 agus foilsíodh fógra an chomórtais in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) an mhí sin. Cuireadh trí chuibhreannas ar an ngearrliosta i Meán Fómhair 2008. Beidh tairiscintí á nglacadh i Ráithe 3 2009.

4 In 2008, eisíodh tuairimí Luach ar Airgead maidir leis na tionscadail seo a leanas:

- An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse — Céim 1
- An Scéim Leathanbhanda Náisiúnta

5 Leanann an NDFA de chomhairle airgeadais a sholáthar ar roinnt tionscadal bonneagair ardiomrá. Ina measc tá Metro Thuaidh, an DART Faoi Thalamh (Stáisiún Heuston chuig Ceantar na nDugaí agus Príosún Thornton Hall. Anuas air seo, tá an NDFA ag obair go dlúth le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus údáráis áitiúla eile ar roinnt tionscadal sna hearnálacha dramhaíola agus uisce.

6 Tá dul chun cinn mór déanta ag roinnt tionscadal ar chríochnaigh an NDFA comhairle a thabhairt ina dtaobh thar na 12 mhí atá thart. Tá sé beartaithe go mbeidh na Cúirteanna Ceartais Choiriúil ag Sráid Gheata na Páirce ag feidhmiú roimh dheireadh na bliana, 3 mhí roimh an dáta sceidealta. Is foirgneamh suntasach cheana féin é an Lárionad Tionóil, Baile Átha Cliath, atá suite ar na céanna, agus tá sé le críochnú i 2010. Tá forstruchtúr an Staidiam Avia nua críochnaithe nach beag agus beidh sé lánchríochnaithe laistigh de níos lú ná 12 mhí. Chomh maith le sin bronnadh óstáil Chluiche Cheannais suaitheanta Léig Europa UEFA i mBealtainen 2011. Tá obair ar an staidiam ar sceideal comhlánaithe in Aibreán 2010. Tá teicnicí tógála nuálaíocha i gceist le Tollán Sionainne Luimnigh agus bhí stair déanta in Éirinn i 2008 le tumadh an tolláin.

*Céad bheart Scoileanna — Pictiúr ealaíontóra*





## Dúshláin atá os ár gComhair

Tá tionchar ag an ngéarchéim airgeadais dhomhanda reatha ar chistiú na n-infheistíochtaí caipitiúla ar fad, lena n-áirítear tionscadail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí, i ngach tír. D'ainneoin seo, tá dúnadh airgeadais fós á bhaint amach ag tionscadail, rud a léiríonn go meastar fós go bhfuil an tsamhail PPP láidir. Beidh rath an mhargaidh amach anseo ag brath ar chumas cheannairí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí freagairt do na dúshláin nua. Bheadh an NDFA ag súil go mbeidh tarraingt ag móiminteam na PPP arís de réir mar a chobhsaíonn coinníollacha sna margaí airgeadais.

Níl amhras ar bith ná go mbeidh tionchar ag na cúinsí deacra fioscacha atá os comhair na hÉireann ar an gcaiteachas caipitiúil foriomlán sa mhéantéarma. Léiríonn Buiséad Forlíontach Aibreán 2009 go bhfuil an Rialtas fós meáite ar ardleibhéil infheistíochta caipitiúla poiblí a chothabháil. Tá sé léirithe sa Bhuiséad go bhféadfaidh réim a bheith ann teacht ar chistí príobháideacha suntasacha do thionscadail bhonneagair. Tá an NDFA ag cabhrú leis an Roinn Airgeadais scagadh a dhéanamh ar na bealaí ina bh'fhéadfadh cistí pinsean príobháideacha tacú le soláthar bonneagair trí mheicníochtaí cistithe fadtéarmacha.

*Droichead Ghleann na Life — Pictiúr ealaíontóra*



## DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA NGNÍOMHAÍONN AN NDFA MAR ÚDARÁS SOLÁTHAIR & COMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

### Clár PPP don Oideachas

**Clár PPP do Scoileanna: Forbhreathnú**

Tá trí chuach sainaitheanta go dtí seo mar chuid de phlean na Roinne Oideachais & Eolaíochta 23 iar-bhunscoil nua agus 4 bhunscoil nua a sholáthar trí PPP. Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an NDFA agus tá sé freagrach as na gnéithe ar fad a bhaineann le soláthar na dtionscadal aonair a sheachadadh laisitgh den chlár € 320 milliún seo.

*Céad Chuach Scoileanna an PPP*

Is é atá i gceist le céad chuach Scoileanna an PPP Dear Tóg Maoinigh agus Cothaigh (DBFM) ná ceithre scoil nua a thógáil in ionad na sé scoil reatha suite i Laois agus Uíbh Fháilí. Cuirfidh na scoileanna seo 2,700 ionad daltaí ar fáil.

Ceapadh Macquarie Partnerships for Ireland (MPFI) ina Rogha Tairgeora i nDeireadh Fómhair 2007. Bhain an tionscadal dúnadh airgeadais amach ar an 6 Márta 2009. Cuireadh tús le hobair ar na láithreáin go léir láithreach bonn tar éis don chonradh a bheith bronnta agus táthar ag cloí leis an gclár don spriocdháta tosú seirbhíse i Meán Fómhair 2010.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an NDFA faoi láthair le riarachán na céime deartha agus tógala den chonradh PPP sula dtabharfar na scoileanna críochnaithe ar ais don Roinn Oideachais & Eolaíochta.

Tá an NDFA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na scoileanna, lena n-áirítear maoirseacht an phróisis deimhniúcháin a léiríonn comhlíonadh le ceanglais an chonartha.

*Dara Cuach Scoileanna an PPP*

Is éard atá sa Dara Cuach ná sé scoil (lena n-áirítear bunscoil amháin) i gCorcaigh, Luimneach, Cill Dara, Cill Mhantáin agus sa Mhí a sholáthróidh cóiríocht do thart ar 4,700 dalta. Thug an Roinn an tionscadal seo ar láimh don NDFA lena sholáthar i mí na Bealtaine 2008.

Cuireadh trí chuibhreannas ar an ngearrliosta i Meán Fómhair 2008. Tá an soláthar seo fós ag cloí leis an gclár chun tairiscintí a ghlacadh i mí Iúil 2009 agus táthar ag súil go bhfógrófar ceapachán an Rogha Tairgeora i bhFómhar 2009. Tá dúnadh airgeadais agus bronnadh an chonartha beartaithe don chéad leath de 2010, faoi réir thoradh an phróisis Phleanála.

*An Tríú Cuach Scoileanna*

Is éard atá ann sa Tríú Cuach Scoileanna ná seacht scoil i gContae Dhún na nGall, Contae Liatroma, Contae na Gaillimhe, Contae Loch Garman, Contae Phort Láirge agus Contae na hIarmhí. De réir fhráma ama táscach reatha na Roinne Oideachais & Eolaíochta beidh na scoileanna seo ag feidhmiú ag deireadh 2012. Tá tús curtha le gníomhaíochtaí réamhsholáthair do na scoileanna seo agus tá an NDFA ag súil go mbeidh siad ábalta fógra OJEU a eisiúint i Ráithe 4 de 2009.



**Clár PPP don Oideachas Triú Leibhéal**
Tá tús curtha anois le pleanáil tionscadal agus gníomhaíochtaí réamhsholáthair chun clár €270 milliún de thionscadail chóiríochta Tríú Leibhéal a sheachadadh trí PPP. Tabharfaidh an NDFA comhairle airgeadais ar na tionscadail seo chomh maith lena soláthar agus seachadadh a bhainistiú ar son An Aire Oideachais & Eolaíochta.

Tá suas go 17 dtionscadal aonair thar 9 suíomh campais éagsúla le cuachadh i 3 chonradh PPP ar leith.

*Céad Chuach PPP de Shaoráidí Oideachas Tríú Leibhéal*
D'fhógair an tAire Oideachais & Eolaíochta rogha na gcuach don chlár seo ar an 15 Eanáir 2008. Tá obair réamhsholáthair ar an gcéad chuach críochnaithe nach mór. Fuarthas cead pleanála imlíneach do gach ceann de na ceithre láithreán seo. Táthar ag súil go dtabharfaidh an Roinn Oideachais & Eolaíochta an tionscadal ar láimh don NDFA lena sholáthar i samhradh na bliana 2009.

Tá sé beartaithe gurb iad saoráidí leabharlainne a bheidh i gceist sa Chéad Chuach PPP d'Institiúidí Tríú Leibhéal ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, i dteannta leis na saoráidí nua ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

*Dara agus Tríú Cuach PPP*
Cuireadh tús le hobair réamhsholáthair ar an dara cuach (IT Thamhlachta agus IT Phort Láirge) i Meán Fómhair 2008. Tá obair ag dul ar aghaidh ar Chead Imlíneach Pleanála. Táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal ar láimh don NDFA lena sholáthar i Ráithe 3 2009.

Táthar ag súil go dtosófar obair réamhsholáthair ar an tríú cuach níos faide amach sa bhliain.





## Na hEalaíona, an Spórt agus an Turasóireacht

### An Ceoláras Náisiúnta a Athfhorbairt

Tá an Ceoláras Náisiúnta ar cheann de phríomhinstitiúidí cultúrtha an stáit. Tá sé beartaithe an láithreán ag Ardán Phort an Iarla a athfhorbairt chun soláthar a dhéanamh do halla éisteachta ceolchoirmeacha 2,050 suíochán, an halla éisteachta 1,000 suíochán atá ann faoi láthair a athchóiriú agus a fheabhsú agus halla beag nua do thart ar 400 duine a thógáil.

Thug an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta an tionscadal ar láimh don NDFA lena sholáthar i mí na Bealtaine 2008. Foilsíodh Fógra an chomórtais san OJEU an mhí sin agus agus reáchtáladh lá seolta ar an margadh i Meitheamh 2008.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar gach Nochtadh Spéise, cuireadh trí chuibhreannas ar an ngearrliosta. Eisíodh an doiciméadú i ndáil le Cuireadh chun Páirt a Ghlacadh i gComhrá i Meán Fómhair 2008. Glacadh aighneachtaí mionsonraithe Chéim a Dó i mí na Bealtaine 2009 ó bheirt rannpháirtithe tar éis do cheann amháin de na cuibhreannais tarraingt siar i mí Aibreáin. Is i Ráithe 3 2009 a bheidh tairiscintí á nglacadh, agus táthar ag súil go bhfógrófar ceapachán an Rogha Tairgeora ag deireadh an Fhómhair. Tá dúnadh airgeadais agus bronnú an chonartha beartaithe le haghaidh thús na bliana 2010, faoi réir thoradh an phróisis Phleanála.

### Athfhorbairt Amharclann na Mainistreach

Tá sé beartaithe amharclann nua d'Amharclann na Mainistreach a shuíomh ar an láithreán a chuir Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath ar fáil ag Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath. Is éard a bheidh san fhorbairt nua ná amharclann nua níos mó agus dhá amharclann níos lú lena n-áirítear Amharclann na Péacóige nua.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí le socruithe do Chomórtas Deartha Idirnáisiúnta mar réamhtheachtaí d'fhorbairt an Tionscadail trí mheán PPP. Tar éis don Chomórtas seo a bheith tugtha chun críche go rathúil beidh an obair réamhsholáthair chaighdeánach ar siúl, lena n-áireofar an tsonraíocht Aschurtha, Ceardlanna riosca agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí. Nuair a bheidh an obair thuasluaite críochnaithe agus na hábhair bheartais ar fad tugtha chun críche tabharfar an tionscadal ar láimh don NDFA lena sholáthar.

Beidh an NDFA freagrach as gnéithe ar fad an tsoláthair PPP, chomh maith le comhairle airgeadais, riosca agus árachais a chur ar fáil ar an tionscadal seo.



## An Ceartas, an Comhionannas agus Athchóiriú Dlí

### Cuach Tithe Cúirte

Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag pleanáil do na trí shuíomh cúirte ag Corcaigh, Leitir Ceanainn agus Luimneach a athfhorbairt trí mheán an PPP, agus beidh an fhorbairt seo á tabhairt chun críche ag an NDFA. Tá roghanna tosaíochta chun gach láithreán a athfhorbairt sainaitheanta ag an tSeirbhís Chúirteanna, is iad sin chun an láithreán reatha do Chorcaigh i ndáil le Cúirt Dúiche Chorcaí a athfhorbairt agus chun saoráidí láraithe nua a thógáil ag láithreáin i Leitir Ceanainn (Cúirteanna Dúiche agus Cuarda) agus Luimneach (Cúirteanna Dúiche, Cuarda agus Príomh-Chúirt Choiriúil).

Tá an tionscadal ag an gcéim mheasúnaithe mhionsonraithe faoi láthair agus tá an NDFA ag súil go dtabharfar ar láimh lena sholáthar é laistigh de dhá mhí dhéag. Tá comhairle airgeadais curtha ar fáil ag an NDFA ar an measúnú mionsonraithe agus leanfaidh siad de shraith iomlán na comhairle airgeadais a sholáthar tríd an tionscadal ar fad.

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

### Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta

Is éard atá i gceist leis an bPlean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta (“NPRO”) ná líonra saoráidí a sholáthar chun seirbhísí radaíochta oinceolaíochta a sheachadadh i roinnt lárionad in Éirnn mar chuid den Straitéis Náisiúnta Ailse.

Dá phríomhshruth oibre atá sa NPRO, a bhfuil Céim 1 agus 2 i gceist leo. Tagraíonn Céim 1 do na saoráidí cóireála atá á soláthar trí bhealaí traidisiúnta agus tagraíonn Céim 2 do na saoráidí a sholáthrófar trí PPP. Tabharfar Tionscadal PPP Céim 2 ar láimh don NDFA lena sholáthar níos faide amach sa bhliain.

Bhronn an HSE an conradh deartha & tógála Chéim 1 ar an nGrúpa BAM. Tugadh cead pleanála don dá láithreán ospidéil lena mbaineann ag Ospideal San Séamas agus Ospidéal Beaumont, agus cuireadh tús leis an láithreán a fhorbairt.

Tá an Tionscadal Chéim 2 á chuimsiú faoi láthair faoi threoir Stiúrthóir Eatramhach an Chláir Náisiúnta Um Rialú Ailse (“NCCP”), an tOllamh Tom Keane. Cuireadh tús le Tagarmharc na hEarnála Poiblí a ullmhú agus tá sé seo le tabhairt chun críche roimh dheireadh Ráithe 3 2009. Tá an Tionscadal ar sceideal chun an líonra iomlán a sheachadadh faoi 2014.

*Na Cúirteanna Ceartais Choiriúil*

# Proposed Greater Dublin Integrated Transport Network



## DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA NGNÍOMHAÍONN AN NDFA MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

## Iompar – Iarnróid

### Metro Thuaidh

Ceanglóidh an líne Metro Thuaidh 18km beartaithe Soird le Faiche Stiabhna i lár chathair Bhaile Átha Cliath, ag freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ceangal comaitéireachta tábhachtach á sholáthar aige i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Beidh an Metro ag cómhalartú leis na línte Dearga agus Glasa Luas agus leis an DART agus na seirbhísí iarnróid bruachbhailteacha chomh maith.

Roinntear an tionscadal seo ina dhá chonradh. Beidh struchtúr dear, tóg, cothaigh agus maoinigh ag an gConradh Bonneagair agus clúdóidh sé an stoc rollach agus an bonneagar go léir. Clúdóidh an Conradh Oibriúcháin cothabháil éadrom agus oibriú an Metro.

D'eisigh an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) na cáipéisí Tairisceana chuig na ceithre chuibhreannas ar an ngearrliosta i mí na Bealtaine 2008. Glacadh leis na haighneachtaí tairisceana i mí Feabhra 2009. Táthar ag súil go dtosófar na hidirbheartaíochtaí idir an RPA agus na Tairgeoirí ar an ngearrliosta faoi lár 2009 agus go nglacfaidh péire de na cuibhreannais páirt i gcéim Tairiscint is Fearr Deiridh (BAFO) níos déanaí i 2009. Is é an tUanú táscach le Rogha Tairgeora  a fhógairt ná Ráithe 1 2010. Tá sé beartaithe go síneofar an conradh i lár 2010.

I mí Aibreáin 2009, d'fhógair Cigire an Bhoird Phleanála go gcuirfí Éisteacht Bhéil an Metro Thuaidh ar athló sealadach tar éis do Mhódúil 1 (fianaise an RPA) a bheith críochnaithe,  ionas go bhféadfaí fianaise agus sonraí tacaíochta a bhreithniú.

Tá an NDFA tar éis cabhrú leis an RPA agus lena Bhord Tionscadal maidir le measúnú airgeadais a dhéanamh ar iarrthóirí ionchais agus tabhairt chun críche Thagarmharc na hEarnála Poiblí. Tá sé ag cabhrú faoi láthair le gnéithe airgeadais an phróisis tairisceana.

### Metro Thiar

Roghnaigh an RPA an rogha conaire bealaigh don Metro Thiar i mí Iúil 2007. Ceanglóidh sé Tamhlacht, Cluain Dolcáin agus Baile Bhlainséir agus idirmhalartóidh sé le Líne Dearg an Luas, iarnróid bhruachbhailteacha Chill Dara agus Mhaigh Nuad agus leis an Metro Thuaidh.

Tá ceadú faighte ag an RPA ón Roinn Iompair gníomhaíochtaí na céime pleanála agus deartha a thosú (i.e. Tagarmharc na hEarnála Poiblí agus Clár / Teagmhasachtaí Riosca a thiomsú do Metro Thuaidh. Níltear ag súil le ceadú ar leith chun dul ar aghaidh leis an bpróiseas soláthair go dtí níos déanaí sa bhliain 2009. Bunaithe ar an ionchas seo, tugann clár seachadta reatha an RPA le tuiscint go bhféadfaí an tionscadal seo a sheachadadh faoi dheireadh na bliaina 2015.

Tá an NDFA ag cur comhairle ar an RPA maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail seo.

### DART Faoi Thalamh (Stáisiún Heuston chuig Ceantar na nDugaí)

Is éard atá i gceist leis an DART faoi thalamh- Idirnascaire Bhaile Átha Cliath ná líne DART ardtoillte eile a rachaidh faoin talamh trí lár na cathrach. Feabhsóidh sé acmhainneacht an ghréasáin iarnróid  ionas gur féidir líon na dtraenacha ar na bealaí iarnróid ar fad a théann isteach go Baile Átha Cliath a mhéadú go mór. Ceanglóidh an tollán 5.2 ciliméadar an Líne Ó Thuaidh le líne Chill Dara, agus táthar ag súil go gcuirfear stadanna faoi thalamh ar fáil ag Ceantar na nDúgaí, Stáisiún an Phiarsaigh, Faiche Stiabhna, Ardeaglais Chríost agus Heuston. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag CIE / Iarnród Éireann ar shonraí deiridh na scéime.

Chuir CIE/Iarnród Éireann an tionscadal seo faoi bhráid an NDFA i mí Iúil 2008 chun comhairle airgeadais agus riosca a fháil. Tá an NDFA ag cabhrú le CIE faoi láthair chun struchtúr tráchtála a cheapadh chun an Tionscadal a sheachadadh ar féidir leis Luach ar Airgead a thabhairt don Státchiste. Tá na nósanna imeachta agus an mhodheolaíocht do na ceardlanna riosca á n-ullmhú ag an NDFA freisin.

## Iompar – Bóithre

**Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh**

Agus mótarbhealaí fada agus carrbhealaí dúbailte ardchaighdeáin á dtabhairt isteach mar chuid den fheabhsú ar Bhonneagar Bóithre an Stáit, tá ionaid seirbhíse á gcur ar fáil ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) le freastal d'úsáideoirí go léir na mbóithre ar mian leo a scíth a ligean agus/nó áiseanna breosla, leithris agus bia a úsáid nuair atá siad ag taisteal.  s beart tábhachtach é seo ó thaobh na sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú.

Baineann an tionscadal seo le céad tráinse na dtrí ionad seirbhíse atá le soláthar, péire ar an mótarbhealach M1 agus ceann amháin ar an M4. Is tionscadal dear, tóg, oibrigh agus maoinigh é seo agus tá sé á sholáthar trí Idirphlé Iomaíoch.

Ceadaíodh an PSB i mí Dheireadh Fómhair 2008. Glacadh le tairiscintí ón dá Thairgeoir a bhí fós ann i lár 2009 agus dúnadh an chonartha sceidealta do níos déanaí i 2009.

**Dara Clár Bóithre an PPP**

Is é liosta táscach Dara Clár Bóithre PPP an NRA ná:

- N17/N18 An Gort to Tuaim
- N7/N11 An tInbhear Mór / Ráth Naoi / Crois an Fhearainn Nua
- N11/N25 Seachród Inis Córthaidh / Seachród Ros Mhic Thriúin
- N6 Seachród Chathair na Gaillimhe

D'eisigh an NRA ceistneoir réamhcháilithe don chéad scéim, Tionscadal an Gort go Tuaim N17/N18, agus glacadh le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i mí Aibreáin 2009. Tá eilimintí airgeadais an mheasúnaithe réamhcháilithe críochnaithe ag an NDFA agus cuireadh ceathrar iarrthóirí ar an ngearrliosta i Meitheamh 2009. Táthar ag súl go ndúnfar an conradh don scéim seo i lár na bliana 2010.



## An Ceart, An Comhionannas agus Athchóiriú Dlí

**Athsholáthar Phríosún Mhuinseo / Phríosún Thornton Hall**

Tá sé beartaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann príosún nua a fhorbairt ag láithreán ag Halla Thornton, Contae Bhaile Átha Cliath a rachaidh in ionad roinnt príosún as dáta ag coimpléasc Phríosún Mhuinseo, Baile Átha Cliath.

Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch, roghnaíodh cuibhreannas Léargas, arb é atá ann ná Barclays Private Equity, Global Solutions Limited agus Michael McNamara & Co, mar rogha tairgeora i mí na Bealtaine 2007. Bronnadh Cead Pleanála don scéim i mí Iúil 2008 faoin Acht um Fhorbairt Príosúin 2008.

D'fhógair Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mí na Bealtaine 2009 go raibh sé tar éis deireadh a chur leis na hidirbheartaíochtaí le Léargas. Mar thoradh ar an gcor seo sa scéal, d'fhógair an Rialtas i Meitheamh 2009 go dtosódh Cém a hAon an tionscadail sa ghearrtéarma. Is éard atá i gceist leis seo ná an obair bhunúsach a theastaíonn ón bhforbairt. Soláthrófar príomhchoimpléasc an phríosúin fad agus a bheidh Céim a hAon á tógáil.

## Oideachas

**Tionscadal Tairsí UCD**
Tar éis comórtas ailtireachta chun íomhá aitheantais idirnáisiúnta a fhorbairt do champas Belfield, D'fhógair Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD) i mí Iúil 2007 ceapachán Ingenhoven ón nGearmáin. Chuir UCD, i gcomhar leis an gcomórtas ailtireachta, tús le próiseas chun chomhpháirtí tráchtála a fháil chun an dearadh a bhuaigh a fhorbairt don fhorbairt ilchineálach.

Eisíodh an doiciméadú tairisceana chun an Comhpháirtí Tráchtála a roghnú i ndeireadh mhí Mheán Fómhair 2008. Tá an comórtas curtha ar feitheamh ó shin ag UCD áfach mar gheall ar an gcor chun donais i ndálaí an mhargaidh agus tá an tionscadal á athbhreithniú anois.

Is é an NDFA an comhairleoir airgeadais tosaigh do UCD agus chabhaigh sé le Bord an Tionscadail maidir le hullmhú choibhéis Thagarmharc na hEarnála Poiblí agus doiciméadú tairisceana.

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Córas Íomháithe Míochaine Comhtháite Náisiúnta (“NIMIS”)**
Is é aidhm fhoriomlán tionscadal an NIMIS ná réiteach comhtháite gan scannán gan pháipéar a sheachadadh d'íomháú raideolaíochta agus cairdeolaíochta ar fud na tíre. Tá sé beartaithe gluaiseacht rialaithe thapa sonraí íomhánna na n-othar a éascú ar fud na seirbhíse sláinte.

Tá an tionscadal á sholáthar ag an HSE agus cuireadh faoi bhráid an NDFA é chun Comhairle Airgeadais a fháil i mí na Bealtaine 2008. D'eisigh an HSE Iarratas ar Nochtadh Spéise sa tionscadal agus glacadh le haighneachtaí i Meán Fómhair 2008. Chabhraigh an NDFA leis an measúnú airgeadais ar na haighneachtaí ar glacadh ar leo agus cuireadh cúig thairgeoir ar an ngearrliosta.

Tá sé tar éis comhairle a chur ar an HSE freisin ar ullmhú an chláir riosca agus ar bhuiséad costais an tionscadail. Glacadh le tairiscintí i mí na Bealtaine 2009 agus tá siad á measúnú ag an HSE faoi láthair.

## Cumarsáid, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha

**Pas 11 Líonra Ceantair Cathrach ("MSE II")**
De bharr an tionscadail seo beifear in ann leathanbhanda a thabhairt chuig líon mór bailte ar fud na tíre, nach bhfuil an nascacht leathanbhanda is leor acu. Ghlac an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le tairiscintí do "MSE II" i mí Feabhra 2008, agus ceapadh an Rogha Tairgeora i mí Mheithimh 2008. Rinne an NDFA an measúnú airgeadais. Beidh an tionscadal seo á chistiú go suntasach ó ioncam tríú páirtí.

## Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí

**Tionscadal PPP 1 Díláraithe Láir Tíre (Ceatharlach, An Muileann gCearr agus Port Laoise)**
Tá an tionscdal PPP seo á sholáthar ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, agus an NDFA ag feidhmiú mar chomhairleoir airgeadais. Ceapadh Macquarie Partnerships for Ireland mar Rogha Tairgeora i mí Eanáir 2008. Fuair na trí láithreán ar fad Cead Pleanála i 2008. Tá an Rogha Tairgeora i mbun idirbheartaíochtaí faoi láthair le maoinitheoirí féideartha agus táthar ag súil go mbainfear dúnadh airgeadais amach níos déanaí i 2009.



## BORD AN NDFA

Tá Cathaoirleach an Bhoird de bhrí oifige ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta. Ceapann an tAire Airgeadais na gnáthbhaill ar théarma cúig bliana. Ceapann an Bord duine dá bhaill, seachas an Cathaoirleach, ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA.

Ar an 31 Nollaig 2008, d'éirigh Adrian Kearns as Bord an NDFA agus as a bheith ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Ar an 12 Eanáir 2009, cheap an tAire Brian Murphy, ó Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta, ina bhall den Bord le dul in áit an Uasail Kearns. Ar an 20 Eanáir 2009, cheap an Bord Brian Murphy ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Éilítear ar an gCathaoirleach agus ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA fianaise a chur faoi bhráid Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann Clúdaíonn an fhianaise seo rialú agus cuibhneas idirbheartaíochtaí ar fad an NDFA, éifeachtacht costais agus éifeachtúlacht an NDFA, agus na córais, nósanna imeachta agus cleachtais a bhaineann an NDFA úsáid astu. Cuireadh fianaise faoi bhráid an Choiste ar an 19 Meitheamh 2008 agus ar an 14 Bealtaine 2009.

Ba mhian leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord a chur in iúl go bhfuil siad buíoch as iarrachtaí na foirne ar fad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí an NDFA.

*An Lárionad Tionóil, Baile*



## AGUISÍN 1

### An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais - Ról agus Feidhmeanna

*Staidiam Aviva ag Bóthar Lansdún*

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) ar an 1 Eanáir 2003 i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002. Is é an phríomhfheidhm atá aige faoin Acht ná seirbhís comhairle airgeadais a chur ar fáil d'Údaráis Stáit maidir le tionscadail chaipitiúla atá níos mó ná méid áirithe – €30 milliún faoi láthair – faoi threoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais. Caithfear na tionscadail ar fad atá arna soláthar faoi Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPPanna) a chur faoi bhráid an NDFA chun comhairle a fháil orthu.

Sular bunaíodh an NDFA, ní raibh saineolas maoinithe tionscadail bunaithe ar bith ar fáil don Rialtas. Ina áit sin, tugadh grúpaí comhairleach agus saineolaithe eile le chéile chun comhairle a thabhairt ar thionscadail ar leith. Nuair a cuireadh críoch le gach tionscadal, scoireadh den fhoireann tionscadail agus cailleadh suim an eolais, lena n-áirítear an saineolas laistigh den tseirbhís phoiblí don chuid is mó.

Tá an tÚdarás dlíthiúil ag an NDFA suas go €5 billiún a fháil ar iasacht agus a airleacan i ndáil le tionscadail a cheadaíonn Údarás Stáit ar bith, chun cuideachtaí a chruthú ar mhaithe le tionscadal infheistíochta poiblí a chistiú agus airgead a airleacan chuig cuideachtaí dá leithéid. Go dtí seo níor éilíodh air cistiú a sholáthar go díreach. .

Mheádaigh an tAcht NDFA (Leasú) ról na Gníomhaireachta go suntasach chun soláthar iarbhír tionscadal caipitiúil poiblí áirithe a chuimsiú trí PPP. Chomh maith leis seo, mhéadaigh an tAcht líon na mball ar Bhord an NDFA ó Chathaoirleach agus ceathrar gnáthbhall go dtí Cathaoirleach agus seachtar gnáthbhall.

Rinneadh téarmaí tagartha soláthair an NDFA foimiúil nuair a ritheadh Acht 2007. Bhain an chéad tionscadal a cuireadh faoi bhráid an NDFA lena sholáthar, Cuach Scoileanna 1 dúnadh airgeadais amach i Márta 2009 agus tá na scoileanna seo á dtógáil faoi láthair.

Tionscadail iompair atá sna réimsí nach bhfuil clúdaithe i dtéarmaí tagartha soláthair an NDFA a bhfuil soláthar dóibh cheana féin i sainorduithe an Údaráis um Bóithre Náisúnta agus na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród, agus i roinnt PPPanna Údarás Áitiúil chomh maith.

Ba é an réasúnaíocht don chinneadh na feidhmeanna seo a shannadh don NDFA ná:

- An gá le saineolas gairmiúil lárnach buan a bheith ar fáil do na hÚdaráis Stáit
- an tuiscint go gcaithfí an t-éileamh ar thionscadail chaipitiúla Rialtais a mheaitseáil le saineolas insititiúide forbartha agus
- gnóthaí airgeadais suntasacha a bheith á mbainistiú cheana féin ag an NTMA ar son an Stáit.

Comhlánaíonn feidhm an tsoláthair feidhm na comhairle airgeadais a bunaíodh cheana féin laistigh den NDFA agus tá sé arna rialú ag treoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais.

Faoi láthair tá 19 ngairmí lánaimseartha inmheánacha a sholáthraíonn comhairle airgeadais agus riosca.

Bunaíodh grúpa bainistíochta agus soláthair um thionscadail theicniúla arb é atá ann ná 17 mBall Foirne Bainistíochta Tionscadal. Tá beirt chomhairleoirí dlí inmheánacha ann freisin. Ba é líon iomlán na mball foirne san NDFA i Meitheamh 2009 ná 41 lena n-áirítear an triúr ar an bhfoireann bhainistíochta shinsearach.

### Tionscadail Lárionad Saineolais

Coinníonn na hÚdaráis Stáit ábhartha freagracht as na gnéithe ar fad a bhaineann le measúnú agus ceadú gach tionscadail, [lena n-áirítear an cinneadh ar an modh soláthair] agus tabhairt chun críche na gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ar fad. Gabhann an NDFA ar féin tionscadal a sholáthar tar

éis do na ceisteanna beartais ar fad a bheith imréitithe, ceisteanna teideal agus láithreán a bheith réitithe, sonraíochtaí aschurtha a bheith leagtha síos agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí agus buiséad don tionscadal a bheith sínithe ag an Údarás Stáit. Feidhmíonn an NDFA fós mar chomhairleoirí airgeadais agus riosca d'Údaráis Stáit le linn na gcéimeanna measúnaithe agus pleanála.

Agus a ról nua mar údarás soláthair á chomhlíonadh aige , Déanann an NDFA comhordú ar thionscadail Lárionad Saineolais tríd a ghrúpa bainistíochta tionscadal. Déanann an grúpa bainistíochta tionscadal comhordú ar inchuir theicniúla, airgeadais agus dhlíthiúla a chuireann le céimeanna soláthair, monatóireachta foirgníochta agus tabhairt ar ais an tionscadail PPP, agus cothóidh sé idirchaidreamh leanúnach an NDFA leis an Údarás Stáit.

San áireamh i bhforbhreathnú seirbhísí soláthartha ag NDFA tá:

- comhairle airgeadais, riosca agus árachais
- cáipéisí conartha a ullmhú
- tairiscint don tionscadal
- réamh-cháilíocht de chuibhreannais imthairisceana
- measúnú ar thairiscintí
- roghnú na dtairgeoirí céadroghnaithe
- idirbheartaíochtaí conartha
- ag síniú na conarthaí ar son na Ranna Rialtais/Gníomhaireachta Stáit
- monatóireacht ar thógáil an tionscadail
- an conradh a riaradh go dtí an "céim lándéanta" agus tabhairt ar ais thar thréimhse athraigh chéimnithe go dtí an Gníomhaireacht Urraithe.

Agus a dualgais á ndéanamh, tá éileamh ar an NDFA aird cheart a bheith ar an stiúradh agus na treoracha eisithe ag an Aire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscadal infheistíochta poiblí, go háirithe na Treoirlínte um Moltaí Caiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí a Bhainistiú agus a Mheasúnú (2005), An Chreatlach Bheartais um Sholáthar Náisiúnta (2005), Treoirlínte do Sholáthar Bonneagair agus Infheistíochtaí Caipitil trí Rannpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (2006) agus an Chreatlach do Rannpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (2001).

## AGUISÍN 2

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit atá faoi dhualgas i láthair na huaire dul i gcomhairliúchán leis an NDFA do chomhairle airgeadais i leith tionscadal infheistíochta poiblí móir.

**Údaráis Stáit mar atá liostaithe san Sceideal don Achta NDFA (Leasú) 2007:**

1. Aire Rialtais
2. Údarás áitiúil
3. Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil laistigh de bhrí an Achta Ollscoileanna 1997, seachas Coláiste na Tionóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste laistigh de bhrí choda 2 d'Acht na gColáistí Réigiúnacha Teicneolaíochta 1992
9. Coiste Gairmoideachais laistigh de bhrí choda 7 den Acht um Ghairmoideachas 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás cuain laistigh de bhrí na hAchtanna Cuanta 1946 go 1976
12. Bus Átha Cliath
13. Bus Éireann
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Aon údarás poiblí reatha leagtha síos ag ord



## RÁITIS AIRGEADAIS

Cuireann an NDFA comhairliúchán ar fáil d'Údaráis Stáit ar sholáthar, seachadadh agus maoiniú tionscadal. Mar sin féin, fanann na tionscadail seo ar chlár comhardaithe na Ranna ábhartha agus ní thagann siad suas i gcuntais an NDFA. Tá na leithdháiltí do na Ranna ábhartha do thionscadail PPP ar fáil sna leithdháiltí ilbhliantúla sa Bhuiséad.

Tá éileamh i gCuid 20 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002 go gcoimeádfar gach cuntas ceart agus gnách, i bpé foirm a d'fhéadfadh an Aire Airgeadais a aimsiú. Tá ar na cuntais seo cuntas ar leith a chur san áireamh de na táillí agus costais riaracháin tabhaithe ag an NDFA i leith baint amach a feidhmeanna. Mar sin féin, mar a mhínítear thuas, tá an fhoireann a oibríonn ar ghnóthaí NDFA fostaithe go heisiach ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA)

Seo a leanas na costais riaracháin tabhaithe ag an NDFA i 2008 agus 2007.

| | **2008** | **2007** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí & Costais an Bhoird | 84,000 | 84,000 |
| Táillí Iniúchta | 6,000 | 6,000 |
| | 90,000 | 90,000 |

I dteannta na gcostas thuas, tháinig costais riaracháin tabhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcomhlíonadh fheidhmeanna an NDFA i 2008 go €7,664,528 (2007: €4,354,451). Tá na costais seo curtha san áireamh i gcostais riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus táthar muirearaithe ar an gCiste Lárnach. Ní lorgaíonn an NTMA aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis Stáit.

*Céad Bheart Scoileanna — Pictiúr ealaíontóra*

# RÁITIS AIRGEADAIS UM GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008**


| | |
|---|---|
| Baill an Bhoird agus Eolas Eile | 28 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta | 29 |
| Ráiteas ar Chóras Rialú Inmheánach Airgeadais | 30 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtais<br>Cuntas agus Ciste do Chur i Láthair do Thithe an Oireachtais | 32 |
| Beartais Chuntasaíochta | 36 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | 37 |
| Cuntas Riaracháin | 38 |
| Clár Comhardaithe | 40 |
| Nótaí do na Cuntais | 41 |

# BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE

## Baill an Bhoird

**Michael J. Somers –** Cathaoirleach

**Brian Murphy *  –** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Fred Barry**

**Liam Berney**

**Ann Fitzgerald**

**Stewart Harrington**

**Tony Jones**

**Peter McManamon**

## Iniúchóirí

**An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste**
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

* Adrian J Kearns a bhí ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin go dtí a scor ón mBord ar an 31 Nollaig 2008.  Ceapadh Brian Murphy ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 20 Eanáir 2009.

## RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá dualgas ar an nGníomhaireacht faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002 ráitis airgeadais a ullmhú i leith a hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúntais agus meastacháin réasúnta agus ciallmhara a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnó reatha ach sna cásanna nach bhfuil sé oiriúnach;
- aon difríocht ábharach ó chaighdeáin bhainteacha cuntasaíochta a nochtadh nó a mhíniú.

Ta an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus gnách a choimeád, i bpé foirm atá aimsithe ag an Aire Airgeadais, de gach airgead faighte nó caite ag an nGníomhaireacht agus as taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann suíomh airgeadais na Gníomhaireachta, ag aon am amháin, le cruinneas réasúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as socmhainní faoina smacht a chosaint, agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil do chosc agus lorgaireacht chalaoise agus neamhrialtachtaí eile.

**Michael J. Somers**
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

**Brian Murphy**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

10 Meitheamh 2009

# RÁITEAS AR CHÓRAS RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## Freagracht as Córas Rialúchán Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ("an NDFA") , admhaímid an fhreagracht as cinntiú go gcothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialúchán inmheánach airgeadais.

Níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán go bhfuil na sócmhainní slán, idirbheartaíochtaí ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta díobh agus go n-aithneofaí nó go stopfaí earráidí ábhartha i dtréimhse ghairid ama.

## Eochair-Phróisis Rialaithe

I gcomhréir le Cuid 11 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta 2002. baineann an NDFA a feidhmeanna amach trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an NTMA”).

Tá céimeanna tógtha ag an mBord i gcomhair le NTMA chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú i leith an NDFA trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhiniú go soiléir;
- próisis fhoirmiúla a bhunú do chleachtadh gnó ag an NDFA;
- Cód Cleachtais an NDFA do Bhainistiú Coimhlintí Leasa a bhunú;
- próisis fhoirmiúla a bhunú chun tuairisc a thabhairt ar theipeanna rialaithe agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.

Tá measúnú riosca foirmiúil ullmhaithe, leis an aidhm de phríomhrioscaí gnó an NDFA a aithint. Tá clár riosca ullmhaithe a dhéanann taifead ar na rioscaí aitheanta mar aon leis na rialuithe a bhí curtha i bhfeidhm chun tionchar na heochair-rioscaí inrialaithe a mhaolú. Tá beartas bainistíochta riosca faomhaithe ag Bord an NDFA.

Tá an coras inmheánach rialú airgeadais bunaithe ar fhráma gnáth eolais bainistíochta ina bhfuil córais riaracháin lena n-áirítear leithscarúint dualgas, córas toscaireachta agus freagracht. Cuirtear san áireamh leis seo go háirithe:

- córas buiséadta cuimsitheach do chostais riaracháin an NDFA atá beirthe ag an NTMA seachas costais Bhord an NDFA;
- léirmheasanna rialta de thuairiscí tréimhseacha agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhfhaisnéisí;
- spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla ;
- beartas atá sainithe go soiléir ar sholáthar.

## EOCHAIR-PHRÓISIS RIALAITHE (AR LEAN)

Tá feidhm inmheánach iniúchóireachta ag an NTMA, a fheidhmíonn de réir Creatchód an Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Tá obair iniúchóireachta inmheánaigh ar an eolas trí ainilís maidir le rioscaí oibreacha faoina nochtar an NDFA, agus tá pleananna inmheánacha iniúchta bunaithe ar an ainilís seo. Ar a laghad uair amháin sa bhliain, soláthraíonn an tIniúchóir inmheánach tuairisc maidir le gníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaigh don NTMA agus do Bhord an NDFA. San áireamh sa tuairisc tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le cumas agus éifeachtúlacht an chórais inmheánach rialú airgeadais.

Cuirtear monatóireacht agus éifeachtúlacht chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh an NTMA ar an eolas ag obair an iniúchóra inmheánaigh (PricewaterhouseCoopers faoi láthair), le cabhair ó na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NTMA a bhfuil freagracht acu d'fhorbairt agus do chothabháil an chreat rialaithe airgeadais, agus an méid a bhíonn le rá ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó tuairiscí eile. Ina theannta sin suíonn ball de Bhord an NDFA ar Choiste Iniúchóra an NTMA ag ionadú ábhair spéise Bhord an NDFA agus coimeádann sé Bord an NDFA ar an eolas maidir lena leithéad d'abhair atá ábharach don NDFA.

### Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialúcháin

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008, tá athbhreithniú déanta ag an Iniúchóir Inmheánach ar éifeachtúlacht an chórais de rialuithe airgeadais inmheánacha agus tá an méid seo tuairiscithe do Bhord an NDFA.

**Michael J. Somers**
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

10 Meitheamh 2009

**Brian Murphy**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIS CUNTAS AGUS CISTE DO CHUR I LÁTHAIR DO THITHE AN OIREACHTAIS.

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais iniúchta agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 faoin Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais 2002.

Tá na ráitis airgeadais, a bhí ullmhaithe faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ann, déanta suas de Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Riaracháin, an Clár Comhardaithe agus na nótaí ábhartha.

## Freagrachtaí ar Leith den Ghníomhaireacht agus den Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais 2002, agus as a dheimhniú go mbaineann rialtacht leis na hidirbhearta. Ulllmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta.

An cúram atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht cuí agus de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim tuairisc de mo thuairim maidir le tabhairt léargais fhíor agus chothrom ag na ráitis airgeadais, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tugaim tuairisc ar mo thuairim féin chomh maith maidir le coimeád leabhar cuntasaíochta cearta. Ina theannta sin, luaim an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntasaíochta.

Tugaim tuarascáil d'aon uair suntasach nuair nach raibh airgead curtha i bhfeidhm do na cuspóirí a beartaíodh dó ar dtús, nó áit nach raibh na bearta i gcomhlíonadh leis na húdaráis rialaithe.

Tugaim tuairisc chomh maith muna bhfuair mé an eolas agus na mínithe go léir gur gá leo do chuspóirí m'iniúchadh.

Déanaim athbhreithniú maidir le léiriú chomhlíonadh na Gníomhaireachta san Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus tuarascáil ar aon uair suntasach nuair nach ndéantar a leithéad, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach le eolas eile a táim d'fheasacht air de bharr m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Níl sé riachtanach dom breithniúchán a dhéanamh maidir le clúdach an Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais ar gach riosca airgeadais agus rialúcháin, nó tuairim a chur trasna maidir le héifeachtúlacht na nósanna imeachta riosca agus rialúcháin.

Léim eolas eile atá ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breithniú maidir lena gcomhsheasmhacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim breithniúcháin ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má éirím feasach ar aon mhíráiteas dealraitheach nó neamh-chomhsheasmhacht suntasach leis na ráitis airgeadais.

## Bunús Tuairime Iniúchta

Agus mé ag cleachtadh m'fheidhm mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) eisithe ag an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta, agus trí thagairt do na breithnithe ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus oibriú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tastála, d'fhianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh agus rialtacht na mbeart airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. San áireamh ann chomh maith tá measúnacht ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a bhí déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus measúnacht maidir le hoiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta do chúinsí na Gníomhaireachta - an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go leorcheart.

Phleanáil mé agus thóg mé faoi m'iniúchadh sa slí is go mbeadh an t-eolas agus na mínithe go léir a cheap mé a raibh riachtanach ar fáil dom, ionas go mbéinn soláthartha le dóthain fianaise chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas suntasach, cé acu de bharr calaoise nó mírialtacht eile nó earráid. Agus an tuairim sin á fhoirmiú agam, rinne mé measúnacht chomh maith ar acmhainneacht fhoriomlán an eolais sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2008, agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, bhi leabhair chuntasaíochta chearta coimeádta ag an nGníomhaireachta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntasaíochta.

**John Buckley**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
17 Meitheamh 2009

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## Cúlra

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an "NDFA") ar an 1 Eanáir 2003 i gcomhréir le hord an Aire Airgeadais faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002.

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha i leith na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais: -

## Bunús ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002 i bhformáid faomhaithe ag an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus suíomh airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

## Tréimhse Thuairiscithe

An bhliain tuairiscithe is ea an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

## Cúrsaíocht Tuairiscithe

An euro is ea an chúrsaíocht tuairiscithe, atá sainithe ag an siombail €.

## Aitheantas Ioncaim

Déantar cuntasaíocht ar ioncam ar bhonn fabhraithe.

## Costais

Déantar cuntasaíocht ar chostais san bhliain ina mbíonn siad iníoctha.

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002, ní ach costais díreacha tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais muirearaithe don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá gach costas riaracháin eile tabhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus nochtar iad amháin trí nóta.

Tá táillí agus costais tabhaithe i leith fheidhmeanna airgeadais agus comhairliúcháin na Gníomhaireachta muirearaithe don chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus táthar aisíoctha ag an Údarás Stáit ábhartha.

# CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 1 | 2,410,730 | 1,967,862 |
| Táillí agus costais tionscadail | 2 | (2,320,730) | (1,877,862) |
| Cuntas Aistrithe go Riarachán | 3 | (90,000) | (90,000) |
| Ioncam Glan don tréimhse | | Nil | Nil |

**Michael J. Somers**
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
Forbartha Airgeadais

10 Meitheamh 2009

**Brian Murphy**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Is cuid de na cuntais seo iad an ráiteas de bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

# CUNTAS RIARACHÁIN

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais | 3 | 90,000 | 90,000 |
| Costais riaracháin na Gníomhaireachta | 4 | (90,000) | (90,000) |
| Ioncam glan\(caiteachas) | | Nil | Nil |

**Michael J. Somers**
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

**Brian Murphy**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

10 Meitheamh 2009

Is cuid de na cuntais seo iad an ráiteas de bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

# CLÁR COMHARDAITHE

31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Socmhainní** | | | |
| Féichiúnaithe | 5 | 446,455 | 674,139 |
| **Dliteanais** | | | |
| Creidiúnaithe | 6 | 446,455 | 674,139 |
| **Socmhainní Iomlána Lúide Dliteanais** | | Nil | Nil |
| **Ag Ionadú** | | | |
| Cúlchistí Carntha | 8 | Nil | Nil |





**Michael J. Somers**
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

**Brian Murphy**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

10 Meitheamh 2009

Is cuid de na cuntais seo iad an ráiteas de bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS

## 1. Ioncam

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Aisíocaíocht ó Údaráis Stáit de chostais chomhairliúcháin | 2,320,730 | 1,877,862 |
| Ciste Lárnach (nóta 7(a)) | 90,000 | 90,000 |
| | 2,410,730 | 1,967,862 |

## 2. Táillí agus costais tionscadail

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007, tá táillí agus costais tabhaithe ag an nGníomhaireacht i mbaint amach a feidhmeanna airgeadais agus comhairle maidir le tionscadail infheistíochta phoiblí ar leith, muirearaithe do chaiteachas.

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Táillí comhairliúcháin | 1,506,431 | 1,340,107 |
| Táillí dlíthiúla | 814,299 | 537,755 |
| | 2,320,730 | 1,877,862 |

## 3. Aistriú ó Chuntas Ioncaim & Caiteachais go Cuntas Riaracháin

Seasann an méid de €90,000 i gcomhair an méid atá ar éileamh chun costais riaracháin áirithe de chuid na Gníomhaireachta a chlúdach.

## 4. Costais Riaracháin

Tá costais Riaracháin na Gníomhaireachta sonraithe thíos ar bhonn fabhraithe:

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Táillí & costais an Bhoird | 84,000 | 84,000 |
| Táillí Iniúchta | 6,000 | 6,000 |
| | 90,000 | 90,000 |

I dteannta na gcostas thuas, tháinig costais riaracháin tabhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcomhlíonadh fheidhmeanna an NDFA i 2008 go €7,664,528 (2007 : €4,354,451). Tá na costais NTMA seo curtha san áireamh i gcostais riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus táthar muirearaithe ar an gCiste Lárnach. Ní lorgaíonn an NTMA aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis Stáit.

## 4. Costais Riaracháin (Ar Lean)

Costas iomlán oibriú na Gníomhaireachta sa bhliain ab ea €10,075,258 (2007: €6,322,313), maoinithe mar seo a leanas:

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí agus costais tionscadail, athmhuirearaithe d'Údaráis Stáit | 2,320,730 | 1,877,862 |
| Táillí agus costais riaracháin muirearaithe ag an nGníomhaireacht don Chiste Lárnach | 90,000 | 90,000 |
| Táillí agus costais riaracháin beirthe ag an NTMA agus muirearaithe don Chiste Lárnach | 7,664,528 | 4,354,451 |
| | 10,075,258 | 6,322,313 |

## 5. Féichiúnaithe

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Infhaighte ó Údaráis Stáit | 410,516 | 580,155 |
| Infhaighte ón NTMA | 23,939 | 82,484 |
| Ciste Lárnach | 12,000 | 11,500 |
| | 446,455 | 674,139 |

## 6. Creidiúnaithe

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna iníoctha don Chiste Lárnach (nóta 7(b)) | 33,113 | 483,631 |
| Táillí comhairliúcháin agus dlíthiúla iníoctha | 367,193 | 117,930 |
| Seirbhísí Gairmiúla ag coimeád cáin atá iníoctha | 40,149 | 66,578 |
| Costais Fabhraithe | 6,000 | 6,000 |
| | 446,455 | 674,139 |

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

## 7. Ciste Lárnach

**(a)** Tá costais Riaracháin an NDFA tarraingthe ón gCiste Lárnach.. Tá na cuntais seo ullmhaithe ar bhonn fabhraithe. Tá Ioncam an Chiste Lárnach réitithe le hairgead tógtha do chostais mar seo a leanas:

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna tógtha ón gCiste Lárnach | 89,500 | 104,526 |
| Méadú / (laghdú) i bhféichiúnaí Chiste Lárnach | 500 | (14,526) |
| Costais Riaracháin (Nóta 4) | 90,000 | 90,000 |

**(b)** Tá méideanna airleactha ón gCiste Lárnach chun an íocaíocht de tháillí agus costais chomhairle seachtracha tabhaithe ag an nGníomhaireacht a mhaoiniú agus í ag tabhairt faoina feidhmeanna airgeadais agus comhairle maidir le tionscadail infheistíochta phoiblí ar leith. Tá na táillí agus costais seo athshaothraithe ó Údaráis Stáit agus tá na méideanna airleactha athíoctha don Státchiste. Mínítear an ghluaiseacht i méideanna airleactha don NDFA i rith na tréimhse mar seo a leanas:

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 483,631 | – |
| Méideanna airleactha i rith na tréimhse | 1,731,030 | 1,487,335 |
| Méideanna aisíoctha i rith na tréimhse | (2,181,548) | (1,003,704) |
| Méideanna iníoctha don Chiste Lárnach ag deireadh na tréimhse (Nóta 6) | | 33,113 |
| 483,631 | | |

## 8. Cúlchistí Carntha

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Glan don tréimhse | – | – |
| Iarmhéid deiridh | Nil | Nil |

## 9. Dliteanais Teagmhasacha

Níl aon dliteanas teagmhasach ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ar 31 Nollaig 2008.

## 10. Páirtithe Gaolmhara

**An Aire Airgeadais**
Ceapadh baill Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, mar a ainmnítear ar leathanach 3, ag an Aire Airgeadais faoi chuid 12 den Acht.

Faoi chuid 7 den Acht, tá an Aire in ann aisíocaíocht iasachtaí na Gníomhaireachtaí a ráthú nó aon chuspóir speisialta foirmithe ag an nGníomhaireacht i mbaint amach a gníomhaíochtaí. Ní raibh a leithéad de ráthaíochtaí tugtha i rith na tréimhse.

**Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (NTMA)**
I gcomhréir le Cuid 11 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002. baineann an NDFA a feidhmeanna amach trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an NTMA").

## 11. Glacadh leis na Ráitis Airgeadais

Ghlac an Bord leis na ráitis airgeadais ar an 20 Bealtaine 2009.

# NÓTAÍ

Designed by Loman Cusack Design